RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1162 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Meitheamh 2023

maidir le ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha le haghaidh rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Trasteorann Leictreachais,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tugadh isteach roinnt rialacha lena gcumhachtaítear tomhaltóirí agus lena soláthraítear dóibh na huirlisí chun rochtain a fháil ar shonraí tomhaltais agus costais. Go háirithe, ba cheart córais méadraithe chliste a chuireann ar a gcumas do thomhaltóirí rochtain a fháil ar shonraí tomhaltais oibiachtúla trédhearcacha a bheith idir-inoibritheach agus in ann na sonraí is gá a sholáthar le haghaidh córais bainistithe fuinnimh do thomhaltóirí. Chuige sin, ceanglaíonn Treoir (AE) 2019/944 ar na Ballstáit aird chuí a bheith acu ar úsáid na gcaighdeán ábhartha atá ar fáil, lena n-áirítear na caighdeáin sin lena gcumasaítear an idir-inoibritheacht ar leibhéal na samhla sonraí agus an chisil feidhmithe, ar na dea-chleachtais agus ar a thábhachtaí atá sé malartú sonraí a fhorbairt, ar sheirbhísí fuinnimh todhchaíocha agus nuálacha, ar leathadh amach eangacha cliste agus ar an margadh inmheánach don leictreachas.

(2) Is é an Rialachán seo an chéad cheann de shraith gníomhartha cur chun feidhme ar cheart a fhorbairt ina leagtar amach ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha le haghaidh rochtain ar shonraí chun Airteagal 24 de Threoir (AE) 2019/944 a chur chun feidhme go hiomlán. Na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, tá siad ann chun an idir-inoibritheacht a éascú agus chun cur le héifeachtacht na n-idirbheart a bhaineann le rochtain ar shonraí agus lena malartú ag rannpháirtithe sa mhargadh, agus i ndeireadh na dála ag seirbhísí fuinnimh, chun iomaíocht sa mhargadh miondíola a chur chun cinn agus costais riaracháin iomarcacha ar na páirtithe incháilithe a sheachaint.

(3) Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le sonraí méadraithe agus tomhaltais i bhfoirm sonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe agus sonraí méadraithe agus tomhaltais atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe. Leagtar síos leis rialacha lena gcuirtear ar a gcumas do custaiméirí deiridh sa mhargadh miondíola leictreachais agus páirtithe incháilithe rochtain a fháil ar na sonraí sin ar bhealach tráthúil simplí slán. Thairis sin, áirithítear leis go mbeidh rochtain thrédhearcach gan uaim ag soláthróirí agus ag soláthraithe seirbhíse ar shonraí na gcustaiméirí deiridh, ar bhealach go mbeidh sé éasca dóibh na sonraí a thuiscint agus a úsáid, ar choinníoll go mbeidh an cead is gá tugtha ag custaiméirí. Ar an gcead sin a fháil, soláthraíonn an riarthóir sonraí méadraithe na sonraí ábhartha a chumhdaítear leis an údarú seo don pháirtí incháilithe arna roghnú ag an gcustaiméir deiridh. Thairis sin, d'fhéadfaí an nós imeachta údaraithe sonrach sin a nascadh le comhaontú conarthach, nó le clásal sainráite laistigh den chomhaontú conarthach leis an bpáirtí incháilithe. Ar an gcaoi sin, áirithítear an idir-inoibritheacht ar bhealach lena n-urramaítear cearta tomhaltóirí maidir lena gcuid sonraí, agus tá comhthuiscint ag rannpháirtithe sa mhargadh ar na cineálacha sonraí agus sreafaí oibre is gá le haghaidh seirbhísí agus próisis shonracha. Is féidir a cheangal ar chustaiméirí cead a thabhairt do sholáthróirí nó do rannpháirtithe eile sa mhargadh amhail comhbhailitheoirí mar chuid dá gcomhaontuithe conarthacha. I gcás ina ndéanann custaiméir a chonradh le soláthróir nó le rannpháirtí eile sa mhargadh a fhoirceannadh, ba cheart rochtain a bheith ag an soláthróir nó ag an rannpháirtí sa mhargadh fós ar na sonraí méadraithe is gá chun críoch billeála nó cothromaithe. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go ndéanfar sonraí méadraithe áirithe a chomhroinnt chun críoch dlisteanach poiblí, mar shampla le húdaráis chomhshaoil nó staidrimh agus chomh maith le hoibreoirí córais nó rannpháirtithe eile sa mhargadh.

([1]) IO L 158, 14.6.2019, lch 125.

(4) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart a bheith i gceist le sonraí atá gar d'fhíor-am léamha méadair a thagann ó chórais méadraithe chliste ar cuireadh tús le hoibreacha ina leith tar éis an 4 Iúil 2019, nó a chuirtear in úsáid go córasach tar éis an dáta sin, i gcomhréir le hAirteagal 19(6) agus Airteagal 20 de Threoir (AE) 2019/944. Is féidir sonraí den sórt sin a fháil lena n-úsáid agus lena bpróiseáil a thuilleadh ag córas bainistithe fuinnimh, ag taispeáint sa bhaile, nó ag córas eile dá ngairtear 'córas tomhaltais sonraí atá gar d'fhíor-am' chun críocha an Rialacháin seo.

(5) Is é cleachtas an tionscail an idir-inoibritheacht a dheighilt ina cúig chiseal. Baineann an ciseal gnó leis na cuspóirí gnó agus na róil ghnó le haghaidh seirbhísí nó próisis áirithe. Baineann an ciseal feidhme leis na cásanna úsáide, comhroinnt sonraí agus bainistiú ceada. Baineann an ciseal faisnéise le samhlacha sonraí agus samhlacha faisnéise, amhail CIM ([2]). Baineann an ciseal cumarsáide leis na prótacail chumarsáide agus formáidí sonraí amhail CSV ([3]) nó XML ([4]). Baineann an ciseal comhpháirte le hardáin malartaithe sonraí, feidhmchláir agus crua-earraí amhail méadair agus braiteoirí.

(6) Leagtar síos leis an Rialachán seo sraith rialacha maidir le hidir-inoibritheacht le haghaidh rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais agus na cleachtais náisiúnta atá ann cheana á gcur san áireamh. Sainítear leis an 'tsamhail tagartha' a leagtar amach sa Rialachán seo rialacha agus nósanna imeachta coiteanna ar leibhéal an Aontais le haghaidh na gciseal gnó, feidhme agus faisnéise, i gcomhréir le cleachtais náisiúnta.

(7) Comhlíonadh na gceanglas idir-inoibritheachta sin agus na nósanna imeachta sin um rochtain ar shonraí, braitheann sé ar an tsamhail tagartha chéanna le haghaidh sonraí méadraithe agus tomhaltais a bheith á húsáid ag na Ballstáit. Trí shamhail tagartha a bhunú, is é is aidhm don Rialachán seo a áirithiú go bhfuil tuiscint fhrithpháirteach agus shoiléir ag rannpháirtithe sa mhargadh ar na róil, na freagrachtaí agus na nósanna imeachta um rochtain ar shonraí. An tráth céanna, cuireann cur chun feidhme na samhla tagartha ar a gcumas do na Ballstát cisil chumarsáide agus chomhpháirte a chinneadh i gcomhréir le sainiúlachtaí agus cleachtais náisiúnta.

(8) Déantar cur síos sa tsamhail tagartha ar shreafaí oibre a theastaíonn le haghaidh seirbhísí agus próisis shonracha ar bhonn sraith íosta ceanglas chun a áirithiú gur féidir nós imeachta ar leith a reáchtáil i gceart, agus oiriúnú náisiúnta á cheadú an tráth céanna. Tá sé comhdhéanta de (i) 'eiseamláir' le sraith ról/freagrachtaí agus a n-idirghníomhaíochtaí; (ii) 'samhail faisnéise' ina bhfuil ábhair faisnéise, a saintréithe, agus an gaol idir na hábhair sin; agus (iii) 'samhail ar phróiseas' ina sonraítear na céimeanna nós imeachta.

(9) Tá an tsamhail tagartha neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus níl sí ceangailte go díreach de mhionsonraí sonracha cur chun feidhme ar bith. Mar sin féin, léirítear sa tsamhail tagartha, a mhéid is féidir, sainmhínithe agus téarmaíocht a úsáidtear sna caighdeáin atá ar fáil agus sna tionscnaimh Eorpacha ábhartha, amhail Eiseamláir an Mhargaidh Leictreachais Chomhchuibhithe ([5]) agus Samhail Choiteann Faisnéise an Choimisiúin Idirnáisiúnta Leictriteicniúil[2]. I gcás inar féidir, ba cheart na caighdeáin Eorpacha atá ar fáil a úsáid sa tsamhail tagartha.

(10) Tuairiscítear sa Rialachán seo róil agus freagrachtaí na rannpháirtithe sa mhargadh maidir le malartú faisnéise faoin tsamhail tagartha, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí an riarthóra sonraí méadraithe, an riarthóra pointe méadraithe, an tsoláthróra rochtana sonraí agus an riarthóra ceada. Ba cheart rannpháirtithe sa mhargadh a mhalartaíonn faisnéis de réir na nósanna imeachta sonracha a dtugtar tuairisc orthu sa Rialachán seo a bheith in ann róil agus freagrachtaí arna sannadh ag an tsamhail tagartha a ghlacadh chucu féin ina n-aonar nó i gcomhpháirt agus féadfaidh siad níos mó ná ról amháin a dhéanamh freisin.

(11) Tá sé tábhachtach go mbeadh an deis ag páirtithe incháilithe a dtáirgí agus a nósanna imeachta a thástáil sula leathfar amach iad. Ba cheart do riarthóirí sonraí méadraithe agus do riarthóirí ceada, lena n-áirítear eintiteas lárnach má tá sé ainmnithe ag an mBallstát, rochtain a sholáthar do pháirtithe incháilithe ar shaoráidí chun a dtáirgí agus a seirbhísí a thástáil roimh leathadh amach a mhéid is féidir, chun fadhbanna cur chun feidhme teicniúla a sheachaint, agus chun a n-oibríochtaí a mhionchoigeartú chun a áirithiú go n-oibríonn a gcuid táirgí agus seirbhísí go rianúil i gcomhréir le nósanna imeachta an Rialacháin seo.

([2]) CIM - An tSamhail Choiteann Faisnéise, https://www.iec.ch/homepage.
([3]) Formáid sonraí CSV - Formáid sonraí Luachanna Camógdheighilte.
([4]) Formáid sonraí XML - Formáid Teanga Marcála Inbhreisithe.
([5]) HEMRM - Eiseamláir Chomhchuibhithe (le haghaidh an Mhargaidh Leictreachais) le ebIX®, ENTSO-E, agus EFET.

(12) Faoin Rialachán cur chun feidhme seo, agus chun cuidiú le sainaithint agus fíordheimhniú páirtithe atá ag iarraidh rochtain ar shonraí, moltar do na Ballstáit soláthraithe rochtana sonraí agus riarthóirí cead a spreagadh le tacú, a mhéid is féidir, le réitigh dhigiteacha a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ([6]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Rialachán eIDAS') chun custaiméirí deiridh agus/nó páirtithe incháilithe a shainaithint agus a fhíordheimhniú go leictreonach. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart do sholáthraithe rochtana sonraí agus do riarthóirí ceada úsáid mhaith a bhaint as bonneagar náisiúnta atá ann cheana féin. Ba cheart úsáid réiteach digiteach a bheith ina cuidiú le cur le héifeachtacht na seirbhísí agus na n-idirbheart ar líne a bhaineann le fuinneamh agus an ghnó leictreonaigh agus na tráchtála leictreonaí san Aontas.

(13) Tá sé tábhachtach ní hamháin go mbeadh rochtain ag páirtithe incháilithe, ach ag custaiméirí freisin, ar a gcuid sonraí féin, lena n-áirítear sonraí ón méadrú cliste. Dá bhrí sin, áirithítear leis an Rialachán seo go mbeidh rochtain ag custaiméirí deiridh freisin ar shonraí méadraithe agus tomhaltais atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe ó chórais méadraithe chliste má iarrann siad iad i gcomhréir le hAirteagal 20, pointe (e), de Threoir (AE) 2019/944.

(14) Féadfaidh na Ballstáit a roghnú conas na ceanglais idir-inoibritheachta a chur chun feidhme ina gcóras náisiúnta chun a gcleachtais náisiúnta a léiriú, go háirithe maidir le gnéithe a bhaineann leis an gciseal cumarsáide agus comhpháirte. Cé go n-áirithítear leis sin go bhfuil an tsamhail cur chun feidhme bunaithe ar chleachtais náisiúnta atá ann cheana, déanann sé níos deacra ar pháirtithe incháilithe freisin tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcuirtear an tsamhail tagartha chun feidhme ar fud an Aontais sna Ballstáit, go háirithe maidir leis an gciseal cumarsáide agus comhpháirte. D'fhéadfadh sé sin bac a chur ar iontráil páirtithe incháilithe ar mian leo a bheith gníomhach i mBallstáit eile. Dá bhrí sin, ba cheart stóras coiteann cleachtas náisiúnta a bhunú maidir leis an gcaoi a gcuirtear an tsamhail tagartha chun feidhme i gcleachtais náisiúnta na mBallstát agus ba cheart é a chur ar fáil go poiblí. Foilsiú na dtuarascálacha sin, is cuid é de na nósanna imeachta trédhearcacha neamh-idirdhealaitheacha a thugtar isteach leis an Rialachán seo, toisc go rannchuideoidh sé le feabhas a chur ar an rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais ar fud an Aontais trí chur leis an bhfeasacht agus le soiléireacht a sholáthar maidir leis na rialacha is infheidhme, agus go gcuideoidh sé le bacainní ar iontrálaithe nua sa mhargadh a laghdú. Thairis sin, cuirfidh sé ar a gcumas do rannpháirtithe sa mhargadh freisin cosúlachtaí, difríochtaí agus gaolmhaireacht idir socruithe náisiúnta na mBallstát a aithint agus tuiscint níos fearr a fháil orthu. Chomh maith leis sin, cuideoidh sé freisin le dea-chleachtais a roinnt idir na Ballstáit agus le feabhas a chur ar an idir-inoibritheacht.

(15) Chun trédhearcacht na rochtana ar nósanna imeachta sonraí a áirithiú go héifeachtach, bheadh sé riachtanach na tuarascálacha ar chleachtais náisiúnta arna soláthar ag na Ballstáit a bhailiú agus na tuarascálacha sin a chur ar fáil, ar leibhéal an Aontais, agus an tráth céanna cúnamh a thabhairt do na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar chleachtais náisiúnta. I ndáil leis an méid sin, chuideodh an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais ('ENTSO don Leictreachas') agus an tEintiteas Eorpach d'Oibreoirí Córais Dáileacháin ('an t-eintiteas AE do OCDanna'), le trédhearcacht na rochtana ar nósanna imeachta sonraí laistigh den Aontas a áirithiú, trína n-obair chomhoibríoch leanúnach agus i gcomhthéacs a gcúraimí a bhaineann le bainistiú sonraí agus le hidir-inoibritheacht sonraí, de bhun Airteagal 30(1), pointí (g) agus (k), agus Airteagal 55(1), pointí (d) agus (e), de Rialachán (AE) 2019/943 ([7]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Bhunófaí an comhar sin ar na freagrachtaí atá ar an dá chomhlacht cheana, is é sin an fhreagracht atá ar eintiteas AE do OCDanna rannchuidiú le digitiú na gcóras dáileacháin agus a bheith rannpháirteach, i gcomhar leis na húdaráis ábhartha agus le heintitis rialáilte, i mbainistiú sonraí a fhorbairt, chomh maith leis an bhfreagracht atá ar ENTSO don Leictreachas rannchuidiú le bunú ceanglas idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha le haghaidh rochtain ar shonraí dá bhforáiltear in Airteagal 24 de Threoir (AE) 2019/944 agus in Airteagail 30 agus 55 de Rialachán (AE) 2019/943 maidir le Leictreachas.

(16) I gcomhthéacs na nósanna imeachta a dtugtar tuairisc orthu sa tsamhail tagartha le haghaidh sonraí méadraithe agus tomhaltais a thugtar isteach leis an Rialachán seo agus leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, tá sonraí á bhfáil agus á bpróiseáil ag páirtithe incháilithe. Aon phróiseáil a dhéanfar ar shonraí pearsanta faoin ngníomh cur chun feidhme seo, amhail uimhreacha aitheantais méadair nó pointe nasctha, a mhalartaítear trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme seo, ní mór di Rialachán (AE) 2016/679 ([8]) a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais próiseála agus coinneála in Airteagal 5(1) agus Airteagal 6(1) den

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE; (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73)

([7]) Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas; (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54)

([8]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).(IO L 119, 4.5.2016, lch. 1)

Rialachán thuasluaite ach gan a bheith teoranta dóibh. Thairis sin, agus ós rud é go gcáilíonn méadair chliste mar threalamh teirminéil, tá feidhm freisin ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí ([9]). Dá réir sin, ba cheart do pháirtithe incháilithe ábhartha a n-oibleagáidí a chomhlíonadh a eascraíonn as an Treoir seo, lena n-áirítear Airteagal 5(3).

(17) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), agus thug sé tuairim uaidh an 24 Lúnasa 2022.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil 1 –

ábhar agus sainmhínithe

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán cur chun feidhme seo, leagtar síos ceanglais idir-inoibritheachta agus rialacha maidir le nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha le haghaidh rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais leictreachais ag custaiméirí deiridh agus ag páirtithe incháilithe i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/944. Leagtar amach ann freisin nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha le haghaidh rochtain ar shonraí a éilíonn tuairisciú agus foilsiú cleachtas náisiúnta ina gcuirtear an tsamhail tagartha i bhfeidhm.

2. Chun cur i bhfeidhm na gceanglas idir-inoibritheachta a áirithiú, bunaítear leis an Rialachán seo samhail tagartha le haghaidh sonraí méadraithe agus tomhaltais ina leagtar amach na rialacha agus na nósanna imeachta a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm chun an idir-inoibritheacht a chumasú. Liostaítear ann na rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais a mbaineann an gníomh sin leo agus na róil agus na freagrachtaí a chomhlíonann siad ina n-aonar nó i gcomhpháirt, mar a thuairiscítear in Airteagail 5, 6, 7 agus 8 den Rialachán seo agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus is féidir le rannpháirtí amháin sa mhargadh leictreachais níos mó ná ról amháin a dhéanamh.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'samhail tagartha' na nósanna imeachta is gá chun rochtain a fháil ar shonraí ina dtugtar tuairisc ar an malartú faisnéise íosta is gá idir rannpháirtithe sa mhargadh;

(2) ciallaíonn 'sonraí méadraithe agus tomhaltais' léamha méadair tomhaltais leictreachais ón eangach, nó leictreachas a chuirtear isteach san eangach, nó tomhaltas ó shaoráidí giniúna ar an láthair atá nasctha leis an eangach, lena n-áirítear sonraí stairiúla bailíochtaithe agus sonraí atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe;

(3) ciallaíonn 'sonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe' sonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil a bhailítear ó mhéadar, ó ghnáthmhéadar nó ó mhéadar cliste, nó ó chóras méadraithe chliste, nó a críochnaíodh le luachanna ionadacha a chinntear ar shlí eile i gcás nach bhfuil méadar ar fáil;

([9]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le r-phríobháideachas); (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37)

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE; (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(4) ciallaíonn 'méadar cliste' gaireas méadraithe leictreonaigh a úsáidtear laistigh de chóras méadraithe chliste mar a shainmhínítear in Airteagal 2(23) de Threoir (AE) 2019/944;

(5) ciallaíonn 'sonraí méadraithe agus tomhaltais atá gar d'fhíor-am' sonraí méadraithe agus tomhaltais arna soláthar go leanúnach ag méadar cliste nó ag córas méadraithe chliste laistigh de thréimhse ghearr ama, laistigh de shoicindí de ghnáth nó suas leis an tréimhse shocraíochta éagothroime sa mhargadh náisiúnta, nach bhfuil bailíochtaithe agus a chuirtear ar fáil trí chomhéadan caighdeánaithe nó trí chianrochtain i gcomhréir le hAirteagal 20(a) de Threoir (AE) 2019/944 maidir le Leictreachas;

(6) ciallaíonn 'páirtí incháilithe' eintiteas a thairgeann seirbhísí a bhaineann le fuinneamh do chustaiméirí deiridh, amhail soláthróirí, oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin, oibreoirí tarmligthe agus tríú páirtithe eile, comhbhailitheoirí, cuideachtaí seirbhísí fuinnimh, pobail fuinnimh in-athnuaite, pobail fuinnimh saoránach agus soláthraithe seirbhísí cothromúcháin, a mhéid a thairgeann siad seirbhísí a bhaineann le fuinneamh do chustaiméirí deiridh;

(7) ciallaíonn 'riarthóir sonraí méadraithe' páirtí atá freagrach as sonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe a stóráil agus na sonraí sin a dháileadh ar chustaiméirí deiridh agus/nó ar pháirtithe incháilithe;

(8) ciallaíonn 'cead' an t-údarú a thugann custaiméir deiridh do pháirtí incháilithe ar bhonn comhaontú conarthach atá acu leis an bpáirtí sin, chun rochtain a fháil ar a sonraí méadraithe agus tomhaltais atá á mbainistiú ag an riarthóir sonraí méadraithe chun seirbhís shonrach a sholáthar;

(9) ciallaíonn 'cead gníomhach' cead nár cúlghaireadh ná nár chuaigh in éag;

(10) ciallaíonn 'riarthóir ceada' páirtí atá freagrach as clár ceadanna rochtana ar shonraí a riar le haghaidh sraith pointí méadraithe, lena gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil do chustaiméirí deiridh agus do pháirtithe incháilithe san earnáil, arna iarraidh sin;

(11) ciallaíonn 'loga rochtana ar shonraí' taifead arna stampáil maidir le ham de na míreanna sonraí a bhfuarthas rochtain orthu lena n-áirítear sainaithint an chustaiméara deiridh nó an pháirtí incháilithe ar a laghad a bhfuil rochtain aige ar na sonraí agus, más infheidhme, sainaithint an cheada a úsáideadh chun rochtain a fháil ar na sonraí;

(12) ciallaíonn 'riarthóir pointe méadraithe' páirtí atá freagrach as saintréithe pointe méadraithe a riar agus a chur ar fáil, lena n-áirítear clárú páirtithe incháilithe agus custaiméirí deiridh atá nasctha leis an bpointe méadraithe;

(13) ciallaíonn 'soláthraí rochtana sonraí' páirtí atá freagrach as rochtain a éascú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcomhar le páirtithe eile, ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe ag an gcustaiméir deiridh nó ag páirtithe incháilithe;

(14) ciallaíonn 'loga soláthair ceada' taifead arna stampáil maidir le ham i dtaobh an uair a deonaíodh, a cúlghaireadh nó a foirceannadh cead páirtí incháilithe nó custaiméara deiridh, lena n-áirítear aitheantóir ceada, agus aitheantóir páirtí;

(15) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse céannachta' páirtí a bhainistíonn faisnéis chéannachta; a dhéanann faisnéis chéannachta a eisiúint, a stóráil, a chosaint, a choinneáil cothrom le dáta, agus a bhainistiú do dhuine nádúrtha nó dlítheanach agus a dhéanann seirbhísí fíordheimhnithe a sholáthar do pháirtithe incháilithe agus custaiméirí deiridh;

(16) ciallaíonn 'fíordheimhniú' nós imeachta leictreonach lenar féidir duine nádúrtha nó dlítheanach a shainaithint go leictreonach;

(17) ciallaíonn 'oibreoir méadair' páirtí atá freagrach as méadair fhisiceacha a shuiteáil, a choinneáil ar siúl, a thástáil agus a dhíchoimisiúnú;

(18) ciallaíonn 'córas tomhaltais sonraí atá gar d'fhíor-am' córas nó gaireas a fhaigheann sreabhadh sonraí atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe ó chóras méadraithe chliste dá dtagraítear in Airteagal 20, an chéad fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2019/944.

Caibidil 2 –

Ceanglais Idir-Inoibritheachta agus Nósanna Imeachta Trédhearcacha agus Neamh-Idirdhealaitheacha maidir le Rochtain ar Shonraí

Roinn 1:

Na ceanglais idir-inoibritheachta - Samhail tagartha

Airteagal 3

Cur chun feidhme na samhla tagartha

Chun na ceanglais idir-inoibritheachta a chomhlíonadh, cuireann gnóthais leictreachais sa mhargadh miondíola leictreachais an tsamhail tagartha a leagtar amach sa Chaibidil seo agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i bhfeidhm.

Airteagal 4

Samhail tagartha agus faisnéis maidir le heagrú margaí

1. Tuairisceoidh na Ballstáit na cleachtais náisiúnta maidir le cur chun feidhme na gceanglas agus na nósanna imeachta idir-inoibritheachta le haghaidh rochtain ar shonraí, i gcomhréir le hAirteagal 10, agus áiritheoidh siad go gcomhlíonfaidh na cleachtais sin na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo.

2. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis faoi eagrú an mhargaidh náisiúnta maidir le róil agus freagrachtaí sonracha a leagtar amach i dTábla I den Iarscríbhinn ar fáil go héasca do gach páirtí incháilithe agus do gach custaiméir deiridh.

3. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo sainaithint na bpáirtithe sin a ghníomhaíonn sa mhargadh náisiúnta mar na riarthóirí sonraí méadraithe, na riarthóirí pointe méadraithe, soláthraithe rochtana sonraí agus na riarthóirí ceada, a leagtar a bhfreagrachtaí amach in Airteagail 5, 6, 7 agus 8 den Rialachán seo.

Airteagal 5

Na freagrachtaí a bhíonn ar riarthóir sonraí méadraithe

1. Chun rochtain rianúil ar shonraí a áirithiú do chustaiméirí deiridh agus do pháirtithe incháilithe, déanfaidh an riarthóir sonraí méadraithe an méid seo a leanas:

(a) sonraí méadraithe agus tomhaltais atá bailíochtaithe a chur ar fáil do chustaiméirí deiridh agus do pháirtithe incháilithe i gcomhréir leis an Rialachán seo trí chomhéadan ar líne nó trí chomhéadan iomchuí eile, arna iarraidh sin, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, agus gan moill mhíchuí;

(b) a áirithiú gur féidir le custaiméirí deiridh (i) rochtain a fháil ar a sonraí méadraithe agus tomhaltais atá bailíochtaithe; (ii) iad a chur ar fáil do pháirtithe incháilithe agus (iii) iad a fháil i bhformáid struchtúrtha a úsáidtear go coitianta, atá inléite ag meaisín agus atá idir-inoibritheach;

(c) loga rochtana ar shonraí a choinneáil cothrom le dáta agus é a chur ar fáil do chustaiméirí deiridh trí chomhéadan ar líne nó trí chomhéadan iomchuí eile, saor in aisce, gan moill neamhriachtanach, agus ar iarraidh ón gcustaiméir deiridh;

(d) agus sonraí á n-aistriú chuig páirtithe incháilithe, agus an dlí ábhartha maidir le cosaint sonraí pearsanta á urramú, áiritheoidh sé, i gcomhar leis an riarthóir ceada i gcás inarb infheidhme, go bhfuil cead gníomhach nó bunús dlí eile ann chun na sonraí a tharchur nó a phróiseáil go dleathach, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, é sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

2. Coinneoidh riarthóirí sonraí méadraithe faisnéis chomhlántach maidir le sonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil i gcomhréir le hIarscríbhinn I.4, pointí (a) agus (b), a ghabhann le Treoir (AE) 2019/944. Ar feadh na tréimhse coinneála, coinneofar na sonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil ar fáil, mar aon leis an bhfaisnéis loga chomhfhreagrach, le go mbeidh rochtain ag custaiméirí deiridh agus ag páirtithe incháilithe ar iarraidh ó na custaiméirí deiridh.

3. Tabharfaidh riarthóirí sonraí méadraithe rochtain do pháirtithe incháilithe ar shaoráidí tástála inar féidir leis an bpáirtí incháilithe tástáil a dhéanamh ar chomhoiriúnacht a gcóras le córais an riarthóra sonraí méadraithe a bhfuil na nósanna imeachta sa Rialachán seo á gcur chun feidhme aige. Beidh an tsaoráid tástála ar fáil sula gcuirfear na nósanna imeachta chun feidhme agus le linn dóibh a bheith ag feidhmiú.

4. I gcás ina mbeidh foráil déanta ag na Ballstáit maidir leis sin, féadfaidh eintiteas ainmnithe na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 a chomhroinnt leis an riarthóir sonraí méadraithe.

Airteagal 6

Na freagrachtaí a bhíonn ar riarthóir pointe méadraithe

Cuirfidh an riarthóir pointe méadraithe an riarthóir ceada ar an eolas, agus i gcás inarb ábhartha an riarthóir sonraí méadraithe ar an leibhéal náisiúnta, gan moill mhíchuí, faoi aon athrú ar shannadh na gcustaiméirí deiridh do phointí méadraithe, agus faoi aon tarlú seachtrach eile lena neamhbhailítear ceadanna gníomhacha arna ndeonú ina réimse freagrachta.

Airteagal 7

Freagrachtaí an tsoláthraí rochtana sonraí

1. I gcomhréir le hAirteagal 23(2) de Threoir (AE) 2019/944, cuirfidh soláthraithe rochtana sonraí an méid seo a leanas ar fáil go poiblí trí chomhéadan ar líne:

(a) gach nós imeachta ábhartha a úsáideann siad chun rochtain a thabhairt ar shonraí mar a thuairiscítear sa tsamhail tagartha a leagtar amach sa Chaibidil seo agus san Iarscríbhinn i gcás ina gcuirtear cás sonrach rochtana na gcustaiméirí deiridh i láthair;

(b) na modhanna atá ag custaiméirí deiridh chun rochtain a fháil, gan moill neamhriachtanach, ar a sonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil, i gcomhar leis an riarthóir sonraí méadraithe i gcás inarb infheidhme. Beifear in ann é sin a dhéanamh de réir mar a thugtar tuairisc air sna nósanna imeachta san Iarscríbhinn um rochtain a bheith ag an gcustaiméir deiridh ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe.

2. Déanfaidh soláthraithe rochtana sonraí a bhfaisnéis loga a choimeád agus a chur ar fáil do chustaiméirí deiridh, lena n-áirítear an t-am a tugadh rochtain ar shonraí do pháirtí incháilithe nó do chustaiméir deiridh, agus an cineál sonraí lena mbaineann. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ar líne, saor in aisce, gan moill neamhriachtanach, aon uair a iarrann custaiméir deiridh rochtain.

3. I gcás ina mbeidh foráil déanta ag na Ballstáit maidir leis sin, féadfaidh eintiteas ainmnithe na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chomhroinnt leis an soláthraí rochtana sonraí.

Airteagal 8

Freagrachtaí an riarthóra ceada

1. Déanfaidh an riarthóir ceada an méid seo a leanas:

(a) cead a thabhairt rochtain a fháil ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe do pháirtithe incháilithe agus ceadanna a chúlghairm, gan moill neamhriachtanach, ar iarraidh ó na custaiméirí deiridh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a dtugtar tuairisc orthu san Iarscríbhinn;

(b) forléargas ar cheadanna comhroinnte sonraí gníomhacha agus stairiúla a chur ar fáil do chustaiméirí deiridh arna iarraidh sin dóibh, de réir mhír (2) d'Airteagal 5;

(c) fógraí faoi neamhbhailíochtú ceadanna a fuarthas i gcomhréir leis na nósanna imeachta sa Rialachán seo a phróiseáil;

(d) an riarthóir sonraí méadraithe (céim 3.5 agus céim 4.9 san Iarscríbhinn), an páirtí incháilithe más gá (céim 4.11) agus an custaiméir deiridh (céim 3.4 agus céim 4.13) a chur ar an eolas a luaithe a thabharfar fógra don riarthóir ceada go ndearnadh cead a neamhbhailíochtú;

(e) loga soláthair ceada a choinneáil do na custaiméirí deiridh agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil dóibh ar líne, saor in aisce, gan moill mhíchuí, agus arna iarraidh sin dóibh;

(f) na nósanna imeachta ábhartha a úsáideann siad chun rochtain ar shonraí a sholáthar a chur ar fáil go poiblí mar a thuairiscítear sa tsamhail tagartha agus mar a léirítear san Iarscríbhinn, i gcomhréir le hAirteagal 23(2) de Threoir (AE) 2019/944.

2. Comhoibreoidh riarthóirí ceada le páirtithe incháilithe agus le riarthóirí sonraí méadraithe chun tástáil na bpróiseas chun an tsamhail tagartha a chur chun feidhme a éascú. Tarlóidh an comhar sin sula gcuirfear na nósanna imeachta chun feidhme agus le linn dóibh a bheith ag feidhmiú.

3. I gcás ina mbeidh foráil déanta ag na Ballstáit maidir leis sin, féadfaidh eintiteas ainmnithe na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chomhroinnt leis an riarthóir ceada.

Airteagal 9

Ceanglais agus nósanna imeachta idir-inoibritheachta maidir le rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais atá gar d'fhíor-am

Chun rochtain a áirithiú ar shonraí méadraithe agus tomhaltais atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe do chustaiméirí deiridh, trí chomhéadan caighdeánaithe nó trí chianrochtain, cuirfidh na Ballstáit na modhanna arna mbunú i gcomhréir le Nósanna Imeachta 5 agus 6 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i bhfeidhm.

Roinn 2:

Nósanna imeachta trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha maidir le rochtain ar shonraí - Tuairisciú agus stóras cleachtas náisiúnta

Airteagal 10

Tuairisciú cleachtas náisiúnta

1. Chun trédhearcacht agus neamh-idirdhealú nósanna imeachta náisiúnta maidir le rochtain ar shonraí a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir (AE) 2019/944, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) mapáil ar chleachtais náisiúnta a dhéanamh agus a choinneáil cothrom le dáta ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear tuairisc mhionsonraithe freisin agus míniú mionsonraithe ar an gcaoi a ndéantar céimeanna nós imeachta Thábla´ III.1 go III.6 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus na céimeanna a cuireadh le chéile, más ann dóibh, agus an t-ord ina ndéantar na céimeanna á leagan amach; agus

(b) mapáil na gcleachtas náisiúnta dá dtagraítear i mír (a) a thuairisciú don Choimisiún, ar cleachtais iad a fhoilseofar i stóras a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus a bhunófar de bhun Airteagal 12.

2. Áireofar sa tuairisciú faisnéis faoi chur chun feidhme náisiúnta na samhla tagartha agus na ról éagsúil, na malartuithe faisnéise, agus na nósanna imeachta.

3. Cuirfear san áireamh sa tuairisciú sin an treoir arna forbairt ag an gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 13.

4. Soláthróidh na Ballstáit tuairisciú na gcleachtas náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 5 Iúil 2025.

5. Má d'aistrigh Ballstát chuig córas náisiúnta nua bainistithe sonraí roimh an 5 Eanáir 2025, féadfar an tuairisciú a theorannú do na socruithe nua ar choinníoll go gcumhdóidh an córas sin os cionn 90 % de na custaiméirí deiridh faoin 5 Iúil 2026.

Airteagal 11

Comhar maidir le trédhearcacht sonraí idir an t-eintiteas AE do OCDanna agus ENTSO don Leictreachas

1. Maidir leis an gcomhar dá bhforáiltear idir an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais ('ENTSO don Leictreachas') agus an tEintiteas Eorpach d'Oibreoirí Córais Dáileacháin ('an t-eintiteas AE do OCDanna'), in Airteagal 30(1), pointí (g) agus (k), agus in Airteagal 55(1), pointí (d) agus (e), de Rialachán (AE) 2019/943, féadfaidh an comhar sin a bheith i bhfoirm Meitheal Chomhpháirteach lena mbunaítear próiseas chun cleachtais náisiúnta arna soláthar ag na Ballstáit a bhailiú agus a fhoilsiú. Féadfaidh ENTSO don Leictreachas agus an t-eintiteas AE do OCDanna comhoibriú ar an gcaoi sin freisin chun comhairle a chur ar an gCoimisiún agus tacaíocht a thabhairt dó maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha cur chun feidhme maidir le hidir-inoibritheacht sonraí faoi Airteagal 24(2) de Threoir (AE) 2019/944 agus maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu.

2. Agus a gcomhairle á hullmhú acu agus a ngníomhaíochtaí tacaíochta á ndéanamh acu don Choimisiún, oibríonn ENTSO don Leictreachas agus an t-eintiteas AE do OCDanna i ndlúthchomhar le hionadaithe na n-údarás rialála náisiúnta, le húdaráis inniúla agus le heintitis rialáilte a bhfuil róil institiúideacha acu ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar shonraí méadraithe agus tomhaltais, chomh maith leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad, lena n-áirítear comhlachais tomhaltóirí, miondíoltóirí leictreachais, eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, soláthraithe seirbhísí agus teicneolaíochta agus monaróirí trealaimh agus comhpháirteanna.

Airteagal 12

Cúraimí faoin eintiteas AE do OCDanna agus comhar ENTSO don Leictreachas maidir le trédhearcacht sonraí

1. Chun trédhearcacht na rochtana ar shonraí ar fud an Aontais a áirithiú, áireofar ar na príomhchúraimí a dhéanfaidh ENTSO don Leictreachas agus an t-eintiteas AE do OCDanna faoin gcomhar eatarthu maidir le trédhearcacht sonraí na nithe seo a leanas:

(a) treoraíocht a fhorbairt chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar chleachtais náisiúnta mar a leagtar amach in Airteagal 13;

(b) bailiú na dtuarascálacha ar chleachtais náisiúnta arna soláthar ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na samhla tagartha, mar a leagtar amach in Airteagal 10;

(c) na tuarascálacha ar chleachtais náisiúnta a fhoilsiú i stóras a bheidh ar fáil go poiblí agus a choinneofar cothrom le dáta.

2. Féadfaidh ENTSO don Leictreachas agus eintiteas AE do OCDanna oibriú i gcomhar freisin chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún, agus an próiseas a leagtar amach i mír 2 d'Airteagal 11 á leanúint acu, maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na samhla tagartha a áirítear sa Rialachán seo agus ar a fhorbairt bhreise mar thoradh ar athruithe rialála, margaidh nó teicneolaíochta, agus tacú leis an gCoimisiún, arna iarraidh sin dó, ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha a fhorbairt, mar chuid de ghníomhartha cur chun feidhme amach anseo, le haghaidh rochtain ar shonraí a theastaíonn maidir le haistriú custaiméirí, freagairt don éileamh, agus seirbhísí eile dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Threoir (AE) 2019/944.

Airteagal 13

Treoraíocht maidir le tuairisciú cleachtas náisiúnta

Tráth nach déanaí ná an 5 Iúil 2024, déanfaidh an Coimisiún treoraíocht maidir le tuairisciú cleachtas náisiúnta a fhorbairt agus a chur ar fáil go poiblí, le cúnamh ó ENTSO don Leictreachas agus ón eintiteas AE do OCDanna.

CAIBIDIL 3

Forálacha Críochnaitheacha

Airteagal 14

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 3 an 5 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

An tsamhail tagartha le haghaidh rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais

Tá an tsamhail tagartha do shonraí méadraithe agus tomhaltais comhdhéanta de shraith nósanna imeachta tagartha le haghaidh rochtain ar shonraí agus na malartuithe faisnéise is gá idir róil a ghlacann gníomhaithe sa mhargadh maidir leis an gcás sonrach seo.

Léiríonn na táblaí san Iarscríbhinn seo an tacar faisnéise sin atá sa tsamhail thagartha. Féadfar na céimeanna nós imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn seo a chomhcheangal nó a dhéanamh in ord eile nuair a chuirtear i bhfeidhm iad ar an leibhéal náisiúnta.

Tá faisnéis i dTábla I maidir le struchtúr agus timpeallacht an mhargaidh náisiúnta, faisnéis atá úsáideach go háirithe do pháirtithe incháilithe ar mhaith leo a n-oibríocht a chur ar bun sa chríoch shonrach agus úsáid a bhaint as rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais i ngach Ballstát. I dTábla I, liostaítear go príomha faisnéis nach mór a bheith inrochtana do pháirtithe incháilithe chun bonneagar réamhriachtanais a chlárú, a ionduchtú nó a bhunú chun páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta a liostaítear i dTábla III agus, dá réir sin, faisnéis a chur in iúl agus a mhalartú le gníomhaithe ábhartha sa mhargadh a dhéanann na róil agus na freagrachtaí a luaitear i dTábla II a ghabháil orthu féin.

Tábla I-

Faisnéis ghinearálta faoi thimpeallachtaí na mBallstát

Sainaitheantas	*Ainm*	*Tuairisc*	
I1	Údarás inniúil náisiúnta	Ainm	Ainm an údaráis inniúil náisiúnta a ceapadh.
		Suíomh gréasáin	Suíomh gréasáin an údaráis inniúil náisiúnta a ceapadh.
		Oifigeach teagmhála	Sonraí teagmhála an eintitis atá freagrach as mapáil na gcleachtas náisiúnta a bhainistiú.
		Nóta: Is féidir leis an údarás inniúil seo a bheith ina eintiteas poiblí nó príobháideach.	
I2	Faisnéis maidir le bunú bhainistiú sonraí na mBallstát	Ainm	Más infheidhme, ainm na timpeallachta bainistithe agus malartaithe sonraí i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir (AE) 2019/944.
		Suíomh gréasáin	Más infheidhme, nasc chuig suíomh gréasáin ina mínítear na forálacha maidir le rochtain ar shonraí i mBallstát.
		Oifigeach teagmhála	Sonraí teagmhála an eintitis atá freagrach as forálacha náisiúnta maidir le bainistiú sonraí.
		Bunús rialála náisiúnta	Tagairt don bhunús dlí leis an mbonneagar comhroinnte sonraí.
		Doiciméadacht	Tuairisc fhéinleorga ar fhorálacha an Bhallstáit maidir le rochtain ar shonraí.
I3	Faisnéis faoi riarthóirí sonraí méadraithe i mBallstát (*aon mhapáil amháin in aghaidh gach riarthóra sonraí méadraithe ghníomhaigh i mBallstát*)	Ainm	Ainm na heagraíochta.
		An cineál sainaitheantais	Cód clárúcháin ACER, Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), Cód Aitheantais Bainc (BIC), Cód Aitheantais Fuinnimh (EIC), Uimhir Suímh Dhomhanda (GLN/GS1) nó Cód Aitheantais Náisiúnta (NIC).
		Sainaithint eagraíochta	Cód nó sainaithint na heagraíochta (arna hainmniú mar 'riarthóir sonraí méadraithe') ar bhonn na gcineálacha sainaitheantais a luaitear sa réimse roimhe seo.
		Suíomh gréasáin	Más infheidhme, nasc chuig suíomh gréasáin nó feidhmchlár a úsáidtear chun sonraí a íoslódáil.
		Oifigeach teagmhála	Sonraí teagmhála an eintitis atá freagrach as rochtain ar shonraí ag custaiméirí deiridh nó ag páirtithe incháilithe.
		Limistéar na heangaí méadraithe	Tuairisc ar shraith na bpointí méadraithe a bhfuil an riarthóir sonraí méadraithe ag riar sonraí méadraithe ina leith.

I4	Faisnéis faoi riarthóirí pointe méadraithe i mBallstát *(aon mhapáil amháin in aghaidh gach riarthóra pointe méadraithe ghníomhaigh i mBallstát)*	Ainm	Ainm na heagraíochta.
		An cineál sainaitheantais	Cód clárúcháin ACER, Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), Cód Aitheantais Bainc (BIC), Cód Aitheantais Fuinnimh (EIC), Uimhir Suímh Dhomhanda (GLN/GS1) nó Cód Aitheantais Náisiúnta (NIC).
		Sainaithint eagraíochta	Cód nó sainaithint na heagraíochta (arna hainmniú mar 'riarthóir pointe méadraithe') ar bhonn na gcineálacha sainaitheantais a luaitear sa réimse roimhe seo.
		Suíomh gréasáin	Más infheidhme, nasc chuig suíomh gréasáin nó feidhmchlár a úsáidtear chun sonraí a íoslódáil.
		Oifigeach teagmhála	Sonraí teagmhála an eintitis atá freagrach as rochtain ar shonraí ag custaiméirí deiridh nó ag páirtithe incháilithe.
		Limistéar na heangaí méadraithe	Tuairisc ar shraith na bpointí méadraithe a bhfuil an riarthóir pointe méadraithe freagrach astu.
I5	Faisnéis faoin soláthraí rochtana sonraí *(ní mór gníomhaí amháin ar a laghad a mhapáil in aghaidh gach pointe méadraithe i mBallstát)*	Ainm	Ainm na heagraíochta.
		An cineál sainaitheantais	Cód clárúcháin ACER, Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), Cód Aitheantais Bainc (BIC), Cód Aitheantais Fuinnimh (EIC), Uimhir Suímh Dhomhanda (GLN/GS1) nó Cód Aitheantais Náisiúnta (NIC).
		Sainaithint eagraíochta	Cód nó sainaithint na heagraíochta ar bhonn na gcineálacha sainaitheantais a luaitear sa réimse roimhe seo.
		Suíomh gréasáin	Más infheidhme, nasc chuig suíomh gréasáin feidhmchláir gréasáin a úsáidtear le haghaidh rochtain ar shonraí custaiméara deiridh.
		Oifigeach teagmhála	Sonraí teagmhála an eintitis atá freagrach as rochtain ar shonraí custaiméara deiridh.
		Freagracht as bainistiú ceada	Riarthóirí sonraí méadraithe dá mbainistíonn an soláthraí rochtana sonraí an rochtain ar shonraí custaiméara deiridh.
		Soláthraí seirbhíse céannachta	An soláthraí seirbhíse céannachta a d'úsáid an soláthraí rochtana sonraí chun custaiméirí deiridh a fhíordheimhniú.
I6	Faisnéis faoi riarthóirí ceada i mBallstát *(aon mhapáil amháin ar a laghad in aghaidh gach riarthóra ceada ghníomhaigh i mBallstát)*	Ainm	Ainm na heagraíochta.
		An cineál sainaitheantais	Cód clárúcháin ACER, Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), Cód Aitheantais Bainc (BIC), Cód Aitheantais Fuinnimh (EIC), Uimhir Suímh Dhomhanda (GLN/GS1) nó Cód Aitheantais Náisiúnta (NIC).
		Sainaithint eagraíochta	Cód nó sainaithint na heagraíochta ar bhonn na gcineálacha sainaitheantais a luaitear sa réimse roimhe seo.
		Suíomh gréasáin	Más infheidhme, nasc chuig suíomh gréasáin feidhmchláir gréasáin a úsáidtear chun cead a riar.
		Oifigeach teagmhála	Sonraí teagmhála an eintitis atá freagrach as comhroinnt sonraí.
		Freagracht as bainistiú ceada	Riarthóirí sonraí méadraithe dá mbainistíonn an riarthóir ceada ceadanna. Nóta: tá sé bailí freisin do riarthóir sonraí méadraithe roinnt riarthóirí ceada a úsáid, agus do riarthóir ceada gníomhú thar ceann riarthóirí sonraí méadraithe iolracha.

		Rochtain a dhoiciméadú	Míniú féinleorga ar fhorálacha na mBallstát maidir le leas a bhaint as *rochtain ag páirtí incháilithe ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe*. Moltar leagan Béarla den doiciméadacht seo a chur san áireamh freisin.
		Soláthraí seirbhíse céannachta	An soláthraí seirbhíse céannachta a d'úsáid an riarthóir ceada chun custaiméirí deiridh a fhíordheimhniú.
		Ionduchtú páirtí incháilithe	Nasc chuig doiciméadacht Bhéarla an nós imeachta ionduchtaithe nó míniú iomlán féinleorga i mBéarla ar conas is féidir le páirtí incháilithe ionduchtú chuig an timpeallacht táirgthe chun úsáid a bhaint as rochtain ag páirtí incháilithe ar *shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe*.
		Ionduchtú páirtí incháilithe a thástáil	Nasc, más infheidhme, chuig doiciméadacht Bhéarla an nós imeachta ionduchtaithe nó míniú iomlán féinleorga i mBéarla ar conas is féidir le páirtí incháilithe ionduchtú chuig timpeallacht tástála chun úsáid a bhaint as rochtain ag páirtí incháilithe ar *shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe*.
		Liosta praghsanna ar rochtain ar shonraí ag páirtithe incháilithe	Tuairisc uileghabhálach ar na costais uile ar pháirtithe incháilithe.
I7	Faisnéis faoi chomhéadain chaighdeánaithe atá gar d'fhíor-am de mhéadair chliste nó de chórais méadraithe chliste i mBallstát de réir Airteagal 20, pointe (a), de Threoir (AE) 2019/944 *(ní mór aon mhapáil amháin ar a laghad a bheith infheidhme i gcás gach sonraíocht chomhéadain a úsáidtear le haghaidh méadair chliste arna leathadh amach i mBallstát tar éis an 4 Iúil 2019)*	Ainm	Ainmniúchán cineáil shamhail an mhéadair.
		Aicme bhunúsach an chomhéadain a úsáidtear	Tabhair an leibhéal voltais dá n-úsáidtear samhail an mhéadair. Maidir le voltas meánach agus voltas ard, sonraigh go mion an comhéadan caighdeánaithe nó an chianrochtain a úsáidtear. Maidir le voltas íseal, ba cheart na freagraí a theacht i ndiaidh an aicmithe (pioc na roghanna is infheidhme): — H1 (mar a shainmhínítear in CEN/CENELEC/ETSI TR 50572:2011 [1]) — H2 (mar a shainmhínítear in CEN/CENELEC/ETSI TR 50572:2011) — H3 (mar a shainmhínítear in CEN/CENELEC/ETSI TR 50572:2011) — Cianrochtain (sonraigh go mion)
		Díoltóir	Ainm eagraíocht díoltóra chomhpháirteanna an mhéadair chliste nó an chórais méadraithe chliste
		Riarthóirí pointe méadraithe a úsáideann an tsamhail	Aitheantóirí na riarthóirí pointe méadraithe a úsáideann an tsamhail.
		Caighdeán an chomhéadain fhisiciúil	Ainm agus leagan an chaighdeáin a úsáidtear.
		Prótacal cumarsáide	Ainm agus leagan an chaighdeáin a úsáidtear.
		Formáidí sonraí	Ainm agus leagan an chaighdeáin a úsáidtear.

[1] CEN/CLC/ETSI/TR 50572:2011 - 'Ailtireacht tagartha fheidhmiúil le haghaidh cumarsáid i gcórais méadraithe chliste', ag CEN/CLC/Grúpa Comhordaithe ETSI maidir le Méadair Chliste.

Tábla II –

Róil

Ainm an róil	*Cineál an róil*	*Tuairisc ar an ról*
Custaiméir deiridh	Gnólacht	Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) de Threoir (AE) 2019/944. Tagraíonn sé seo do pháirtí atá nasctha leis an eangach a cheannaíonn leictreachas dá úsáid féin. Nóta: áirítear leis sin freisin cás an chustaiméara ghníomhaigh agus rannpháirtithe na bpobal fuinnimh in-athnuaite nó na bpobal fuinnimh saoránach.
Údarás inniúil	Gnólacht	D'fhéadfadh údarás inniúil a bheith ina eintiteas poiblí nó príobháideach i mBallstát.
Páirtí incháilithe	Gnólacht	Is éard atá i 'bpáirtí incháilithe' eintiteas a thairgeann seirbhísí a bhaineann le fuinneamh do chustaiméirí deiridh, amhail soláthróirí, oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin, oibreoirí tarmligthe agus tríú páirtithe eile, comhbhailitheoirí, cuideachtaí seirbhísí fuinnimh, pobail fuinnimh in-athnuaite, pobail fuinnimh saoránach agus soláthraithe seirbhísí cothromúcháin, a mhéid a thairgeann siad seirbhísí a bhaineann le fuinneamh do chustaiméirí deiridh;
Riarthóir sonraí méadraithe	Gnólacht	Páirtí atá freagrach as sonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe a stóráil agus na sonraí sin a dháileadh ar chustaiméirí deiridh agus/nó ar pháirtithe incháilithe.
Riarthóir pointe méadraithe	Gnólacht	Páirtí atá freagrach as saintréithe pointe méadraithe a riar agus a chur ar fáil, lena n-áirítear clárú páirtithe incháilithe agus custaiméirí deiridh atá nasctha leis an bpointe méadraithe.
Soláthraí rochtana sonraí	Gnólacht	Páirtí atá freagrach as rochtain a éascú don chustaiméir deiridh nó do pháirtithe incháilithe, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcomhar le páirtithe eile, ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe.
Riarthóir ceada	Gnólacht	Páirtí atá freagrach as clár ceadanna rochtana ar shonraí a riar le haghaidh sraith pointí méadraithe, lena gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil do chustaiméirí deiridh agus do pháirtithe incháilithe san earnáil, arna iarraidh sin.
Soláthraí seirbhíse céannachta	Gnólacht agus/nó Córas	Páirtí a bhainistíonn faisnéis chéannachta; a dhéanann faisnéis chéannachta a eisiúint, a stóráil, a chosaint, a choinneáil cothrom le dáta, agus a bhainistiú do dhuine nádúrtha nó dlítheanach agus a dhéanann seirbhísí fíordheimhnithe a sholáthar do pháirtithe incháilithe agus custaiméirí deiridh.
Oibreoir méadair	Gnólacht agus/nó Córas	Páirtí atá freagrach as méadair fhisiceacha a shuiteáil, a choinneáil ar siúl, a thástáil agus a dhíchoimisiúnú.
Méadar cliste	Córas	Gaireas méadraithe leictreonaigh a úsáidtear laistigh de chóras méadraithe chliste mar a shainmhínítear in Airteagal 2(23) de Threoir (AE) 2019/944. Nóta: Tacaíonn córas méadraithe chliste den sórt sin leis na feidhmiúlachtaí a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 20 de Threoir (AE) 2019/944.
Córas tomhaltais sonraí atá gar d'fhíor-am	Córas	Córas nó gaireas a fhaigheann sreabhadh sonraí atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe ó chóras méadraithe chliste dá dtagraítear in Airteagal 20, an chéad fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2019/944. Nóta: d'fhéadfadh, mar shampla, córas bainistithe fuinnimh, taispeáint sa bhaile nó córas eile a bheith i gceist.

Maidir le gach ról den chineál *Gnólacht*, tá coinne le gníomhú ar bhealach slán fíordheimhnithe agus trí bhealaí cumarsáide iontaofa. Ar an gcúis sin, ní liostaítear na céimeanna fíordheimhnithe a úsáidtear do na comhpháirtithe cumarsáide sin sna nósanna imeachta a liostaítear thíos. Is iad sin *'rochtain ag an gcustaiméir deiridh ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe'*, *'rochtain ag páirtí incháilithe ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe'*, *'foirceannadh seirbhíse ag páirtí incháilithe'*, *'cúlghairm ceada ghníomhaigh ag an gcustaiméir deiridh'*, *'gníomhachtaigh sreabhadh sonraí atá gar d'fhíor-am ó mhéadar cliste* nó ó chóras méadraithe chliste', agus *'léamh sonraí atá gar d'fhíor-am ó mhéadar cliste* nó ó chóras méadraithe chliste'.

Tábla III –

Coinníollacha Nós Imeachta

Uimh.	*Ainm an nós imeachta*	*An príomhghníomaí*	*Réamhchoinníoll*
1	Rochtain ag an gcustaiméir deiridh ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe	Custaiméir deiridh	Ionduchtaíodh an custaiméir deiridh.
2	Rochtain ag páirtí incháilithe ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe	Custaiméir deiridh	Ionduchtaíodh an custaiméir deiridh. Ionduchtaíodh an páirtí incháilithe.
3	Foirceannadh seirbhíse ag páirtí incháilithe	Páirtí incháilithe	Tá cead gníomhach ar fáil nó bunús dlí nó conarthach eile.
4	Cúlghairm ceada ghníomhaigh ag an gcustaiméir deiridh	Custaiméir deiridh	Tá cead gníomhach ar fáil.
5	Gníomhachtaigh sreabhadh sonraí atá gar d'fhíor-am ó mhéadar cliste nó ó chóras méadraithe chliste	Custaiméir deiridh	Suiteáiltear méadar cliste nó córas méadraithe chliste i bpointe méadraithe an chustaiméara deiridh.
6	Léamh sonraí atá gar d'fhíor-am ó mhéadar cliste nó ó chóras méadraithe chliste	Córas tomhaltais sonraí atá gar d'fhíor-am	Cuireadh na céimeanna i Nós Imeachta 5 i gcrích.

Sa nós imeachta um *'rochtain ag páirtí incháilithe ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe'*, mar a shonraítear i dTábla III.2, déantar 'sonraí amach anseo' a chumhdaítear le cead (ach fós laistigh de thréimhse an cheada) a láimhseáil ar bhealach éagsúil le 'sonraí atá ar fáil cheana féin'. Ciallaíonn an dara ceann acu sin sonraí atá ar fáil cheana féin ag an riarthóir sonraí méadraithe tráth a thugtar an cead, ach ciallaíonn 'sonraí amach anseo' sonraí a chumhdaítear leis an gcead ach nach bhfuil ar fáil ag an bpointe ama sin ná i bhformhór na gcásanna toisc go gcuirfear ar fáil iad amach anseo. Sa nós imeachta lena bhfuil baint ag *'rochtain ag páirtí incháilithe ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe'*, a dtugtar tuairisc air i dTábla III.2, léirítear rochtain ar shonraí stairiúla agus sonraí amach anseo mar nós imeachta aontaithe. Agus cleachtais náisiúnta á mapáil, féadfar nósanna imeachta ar leithligh a thabhairt ar an dá chás sin.

An tsamhail tagartha le haghaidh soláthar *sonraí atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe*, mar a léirítear i nós imeachta 5 i dTábla III.5 agus i nós imeachta 6 i dTábla III.6, tá sí bunaithe ar an ailtireacht tagartha fheidhmiúil don mhéadrú cliste a shainítear i gcaighdeáin[1]. Sonraítear san ailtireacht tagartha fheidhmiúil sin léiriú cineálach ar na bonneagair méadraithe chliste a úsáidtear sna Ballstáit. Sainítear ann na comhéadain 'H1', 'H2' agus 'H3', mar a thugtar orthu, a fhéadfar a úsáid chun sonraí atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe a sholáthar. Mar sin féin, is féidir na caighdeáin agus na míreanna sonraí céanna a úsáid cibé comhéadan a úsáidtear. Tugann roinnt oibreoirí méadair cianrochtain ar na sonraí sin freisin. Tá nósanna imeachta 5 agus 6 neodrach ó thaobh an chur chun feidhme maidir leis an modh rochtana a chuirtear ar fáil.

Maidir le soláthar sonraí atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe trí chomhéadan caighdeánaithe i gcás inarb infheidhme, tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar úsáid na gcaighdeán ábhartha atá ar fáil, lena n-áirítear caighdeáin lena gcumasaítear idir-inoibritheacht. Gan dochar d'fhorbairtí amach anseo, áirítear an méid seo a leanas leis na caighdeáin atá ar fáil faoi láthair agus atá in úsáid i gcleachtais náisiúnta tráth fhoilsiú an Rialacháin seo (is liosta neamh-uileghabhálach é seo):

— EN 50491-11

— sraith EN 62056 – DLMS/COSEM

— sraith EN 13757 – M-Bus Sreangaithe agus Gan Sreang

— EN16836 - Zigbee SEP 1.1

Is léaráidí de chineál léiritheach iad na léaráidí thíos ina léirítear na nósanna imeachta a dtugtar tuairisc orthu i dTáblaí III.1 go III.6 agus leanann siad *an tSamhail ar Phróiseas Gnólachta agus Nodaireacht 2.0* ([2]). Sainmhínítear na hábhair faisnéise dá dtagraítear sa cholún dar teideal 'Faisnéis a mhalartaítear (IDanna)' i dTábla IV.


Tábla III.1-

Nós imeachta 1

Ainm an nós imeachta		Rochtain ag an gcustaiméir deiridh ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe			
Uimh.-na Céime	*Céim*	*Tuairisc ar an gcéim*	*Táirgeoir faisnéise*	*Glacadóir faisnéise*	*Faisnéis a mhalartaítear (IDanna)*
1.1	An soláthraí rochtana sonraí a shainaithint	Sainaithníonn na custaiméirí deiridh an soláthraí rochtana sonraí atá freagrach as na pointí méadraithe dá gcuid atá á meas.	Údarás inniúil	Custaiméir deiridh	[ní bhaineann le hábhar]
1.2	An custaiméir deiridh a fhíordheimhniú	Sainaithníonn custaiméirí deiridh iad féin don soláthraí rochtana sonraí.	Custaiméir deiridh	Soláthraí rochtana sonraí	[ní bhaineann le hábhar]
1.3	Dintiúir a sheiceáil	Aistríonn soláthraí rochtana sonraí faisnéis fíordheimhnithe chuig soláthraí seirbhíse céannachta.	Soláthraí rochtana sonraí	Soláthraí seirbhíse céannachta	[ní bhaineann le hábhar]
1.4	An custaiméir deiridh a chur ar an eolas faoi thorthaí na seiceála ar dhintiúir	Cuireann soláthraí rochtana sonraí toradh an bhailíochtaithe in iúl agus soláthraíonn sé léiriú fóinteach i gcás iarraidh neamhbhailí.	Soláthraí rochtana sonraí	Custaiméir deiridh	[ní bhaineann le hábhar]
1.5	An custaiméir deiridh agus an pointe méadraithe a nascadh	Faigheann an custaiméir deiridh amach aitheantas an phointe méadraithe chun sonraí a iarraidh.	Soláthraí rochtana sonraí	Custaiméir deiridh	A - Sainaitheantas an phointe méadraithe
1.6	Sonraí a iarraidh	Sonraíonn an custaiméir deiridh na sonraí a iarradh.	Custaiméir deiridh	Soláthraí rochtana sonraí	C - Iarraidh ar shonraí méadraithe
1.7	Iarraidh a bhailíochtú ag soláthraí rochtana sonraí	Bailíochtaíonn an soláthraí rochtana sonraí an iarraidh ar shonraí méadraithe sonraithe agus soláthraíonn sé léiriú fóinteach i gcás iarraidh neamhbhailí.	Soláthraí rochtana sonraí	Custaiméir deiridh	D - Iarraidh ar fhaisnéis maidir le bailíochtú
1.8	An iarraidh a chur ar aghaidh chuig riarthóir méadraithe sonraí lena bailíochtú	Seiceáil an bhfuil sonraíocht na sonraí a iarradh ó thaobh ama, raon feidhme, inrochtaineacht de etc. inghlactha.	Soláthraí rochtana sonraí	Riarthóir sonraí méadraithe	C - Iarraidh ar shonraí méadraithe

([2]) Samhail ar Phróiseas Gnólachta agus Nodaireacht 2.0: https://www.omg.org/spec/BPMN/2.0.2/PDF.

1.9	Iarraidh shonraithe ag riarthóir sonraí méadraithe a bhailíochtú	Bailíochtaíonn an riarthóir sonraí méadraithe an iarraidh ar shonraí méadraithe sonraithe.	Riarthóir sonraí méadraithe	Soláthraí rochtana sonraí	D - Iarraidh ar fhaisnéis maidir le bailíochtú
1.10	An custaiméir deiridh a chur ar an eolas faoi thorthaí an bhailíochtaithe	Mura bhfuil an t-ionchur bailí, ba cheart an chúis a léiriú le teachtaireacht fhiúntach.	Soláthraí rochtana sonraí	Custaiméir deiridh	D - Iarraidh ar fhaisnéis maidir le bailíochtú
1.11	Fógra a thabhairt do riarthóir sonraí méadraithe	Ní mór fógra a thabhairt faoi iarraidh ar shonraí méadraithe chun an pacáiste sonraí a iarradh a sholáthar.	Soláthraí rochtana sonraí	Riarthóir sonraí méadraithe	C - Iarraidh ar shonraí méadraithe
1.12	Sonraí a aistriú	Faigheann custaiméirí deiridh na sonraí a iarradh gan moill mhíchuí.	Riarthóir sonraí méadraithe	Custaiméir deiridh	E - Sonraí stairiúla atá bailíochtaithe



Léaráid 1 – Nós imeachta um 'Rochtain ag an gcustaiméir deiridh ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe'


Tábla III.2 –

Nós imeachta 2

Ainm an nós imeachta		Rochtain ag páirtí incháilithe ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe			
Uimh. na Céime	*Céim*	*Tuairisc ar an gcéim*	*Táirgeoir faisnéise*	*Glacadóir faisnéise*	*Faisnéis a mhalartaítear (IDanna)*
2.1	An riarthóir ceada a shainaithint	Sainaithníonn na custaiméirí deiridh an riarthóir ceada atá freagrach as na pointí méadraithe dá gcuid atá á meas.	Údarás inniúil	Custaiméir deiridh	[ní bhaineann le hábhar]
2.2	An páirtí incháilithe a shainaithint	Sainaithníonn custaiméirí deiridh an páirtí incháilithe a bhfuil sé ar intinn acu sonraí a chur ar fáil dó.	[ní bhaineann le hábhar]	Custaiméir deiridh	[ní bhaineann le hábhar]
2.3	Mionsonraí réamhsho-craithe ceada	Sonrú na sonraí a theastaíonn ón bpáirtí incháilithe. Bealaí roghnacha (ach atá ar fáil go ginearálta) chun sonraí a theastaíonn a shonrú (mar shampla trí chliceáil ar chnaipe 'roinn mo chuid sonraí') chun nach mbeidh ar an gcustaiméir deiridh ionchuir chasta a dhéanamh.	Páirtí incháilithe	Riarthóir ceada	G - Faisnéis réamhshocraithe maidir le cead
2.4	An custaiméir deiridh a fhíordheimhniú	Sainaithníonn custaiméirí deiridh iad féin don riarthóir ceada.	Custaiméir deiridh	Riarthóir ceada	[ní bhaineann le hábhar]
2.5	Dintiúir a sheiceáil	Aistríonn riarthóir ceada faisnéis fíordheimhnithe chuig soláthraí seirbhíse céannachta.	Riarthóir ceada	Soláthraí seirbhíse céannachta	[ní bhaineann le hábhar]
2.6	An custaiméir deiridh a chur ar an eolas faoi thorthaí na seiceála ar dhintiúir	Cuireann riarthóir ceada toradh an bhailíochtaithe in iúl agus soláthraíonn sé léiriú fóinteach i gcás iarraidh neamhbhailí.	Riarthóir ceada	Custaiméir deiridh	[ní bhaineann le hábhar]
2.7	An custaiméir deiridh agus an pointe méadraithe a nascadh	Faigheann an custaiméir deiridh amach aitheantas an phointe méadraithe chun sonraí a iarraidh.	Riarthóir ceada	Custaiméir deiridh	A - Sainaitheantas an phointe méadraithe
2.8	Tréithe an cheada a shonrú	Sonraíonn custaiméirí deiridh na sonraí a bhfuil sé ar intinn acu a chur ar fáil agus dearbhaíonn siad a gcead don riarthóir ceada. Is féidir cúnamh a fháil leis sin freisin ó iarrataí réamhshonraithe ar chead a thagann ón bpáirtí incháilithe trí chéim 2.3.	Custaiméir deiridh	Riarthóir ceada	H - Faisnéis bhunúsach maidir le cead
2.9	An iarraidh ar chead sonraithe a bhailíochtú ag riarthóir ceada	Bailíochtaíonn an riarthóir ceada an iarraidh ar chead sonraithe agus soláthraíonn sé léiriú fóinteach i gcás iarraidh neamhbhailí.	Riarthóir ceada	Custaiméir deiridh	D - Iarraidh ar fhaisnéis maidir le bailíochtú

2.10	An iarraidh ar chead a chur ar aghaidh chuig riarthóir méadraithe sonraí lena bailíochtú	Más infheidhme, seiceáil an bhfuil sonraíocht na sonraí a iarradh ó thaobh ama, raon feidhme, inrochtaineacht, teidlíocht de etc. inghlactha.	Riarthóir ceada	Riarthóir sonraí méadraithe	H - Faisnéis bhunúsach maidir le cead
2.11	Iarraidh shonraithe ar chead ag riarthóir sonraí méadraithe a bhailíochtú	Más infheidhme, bailíochtaíonn an riarthóir sonraí méadraithe an iarraidh ar chead sonraithe.	Riarthóir sonraí méadraithe	Riarthóir ceada	D - Iarraidh ar fhaisnéis maidir le bailíochtú
2.12	An custaiméir deiridh a chur ar an eolas faoi thoradh an bhailíochtaithe	Mura bhfuil an t-ionchur bailí, ba cheart an chúis a léiriú le teachtaireacht fhiúntach.	Riarthóir ceada	Custaiméir deiridh	D - Iarraidh ar fhaisnéis maidir le bailíochtú
2.13	Cead a stóráil	Stórálann riarthóir ceada an cead, mar aon le haitheantóir uathúil le haghaidh tagartha agus stampa ama a léiríonn an cruthú.	Riarthóir ceada	Riarthóir ceada	I - Faisnéis faoi chead bunaithe
2.14	Tabhair fógra don chustaiméir deiridh	Cuireann an riarthóir ceada in iúl don chustaiméir deiridh gur bunaíodh an cead.	Riarthóir ceada	Custaiméir deiridh	I - Faisnéis faoi chead bunaithe
2.15	Fógra a thabhairt don pháirtí incháilithe	Cuireann an riarthóir ceada in iúl don pháirtí incháilithe gur bunaíodh an cead.	Riarthóir ceada	Páirtí incháilithe	I - Faisnéis faoi chead bunaithe
2.16	Fógra a thabhairt do riarthóir sonraí méadraithe	Céim roghnach. Cuireann an riarthóir ceada in iúl don riarthóir sonraí méadraithe gur bunaíodh an cead.	Riarthóir ceada	Riarthóir sonraí méadraithe	I - Faisnéis faoi chead bunaithe
2.17	Na sonraí atá ar fáil cheana féin a aistriú	Go dtí críochphointe an léimh a iarradh nó go dtí an stampa ama reatha (i gcásanna gur amach anseo an críochphointe léimh a iarradh), aistrítear sonraí ón riarthóir sonraí méadraithe mar a shonraítear sa chead chuig an bpáirtí incháilithe. Nóta: Déanfar saintréithe thruicearú aistriú an chineáil sin sonraí a mhapáil in aghaidh na céime seo.	[ní bhaineann le hábhar]	[ní bhaineann le hábhar]	[ní bhaineann le hábhar]

2.18	Aistriú sonraí a bheidh ar fáil amach anseo	Maidir le heatraimh nach bhfuil ar fáil faoi láthair ach a bheidh ar fáil amach anseo - ach a chumhdófar leis an gcead freisin - aistrítear na sonraí sonracha ón riarthóir sonraí méadraithe trí úsáid a bhaint as an tásc a shainítear leis an tréith 'Sceideal tarchuir' den ábhar faisnéise a dtugtar tuairisc air i dTábla IV. Nóta: Déanfar saintréithe thruicearú aistriú an chineáil sin sonraí a mhapáil in aghaidh na céime seo.	[ní bhaineann le hábhar]	[ní bhaineann le hábhar]	[ní bhaineann le hábhar]
2.19	Sonraí a aistriú	Tá sonraí á n-aistriú go hiarbhír chuig an bpáirtí incháilithe. Nóta: Déanfar cur chuige cumarsáide (mar shampla 'tarraingt trí REST API', 'brú trí chumarsáid teachtaireachtbhunaithe'), réamhriachtanais agus saintréithe an aistrithe iarbhír a mhapáil sa chéim seo.	Riarthóir sonraí méadraithe	Páirtí incháilithe	F - Sonraí stairiúla atá bailíochtaithe le faisnéis faoin gcustaiméir deiridh




Léaráid 2 – Nós imeachta um 'Rochtain ag páirtí incháilithe ar shonraí méadraithe agus tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe'

Tábla III.3 –

Nós imeachta 3

Ainm an nós imeachta		Foirceannadh seirbhíse ag páirtí incháilithe			
Uimh. na Céime	*Céim*	*Tuairisc ar an gcéim*	*Táirgeoir faisnéise*	*Glacadóir faisnéise*	*Faisnéis a mhalartaítear (IDanna)*
3.1	Deireadh an cheada a thruicearú	Measann páirtí incháilithe gur cuireadh deireadh leis an tseirbhís nó leis an gcuspóir a tarchuireadh leis an gcead.	Páirtí incháilithe	-	[ní bhaineann le hábhar]
3.2	Cúramaí dheireadh an cheada a fhorghníomhú	Déanfaidh an páirtí incháilithe na cúraimí uile is gá chun a fhreagrachtaí gaolmhara a chomhlíonadh láithreach agus gan moill mhíchuí agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.	Páirtí incháilithe	-	[ní bhaineann le hábhar]
3.3	Fógra a thabhairt don riarthóir ceada	Cuirfidh an páirtí incháilithe an riarthóir ceada ar an eolas láithreach agus gan moill neamhriachtanach.	Páirtí incháilithe	Riarthóir ceada	J - Fógra faoi fhoirceannadh seirbhíse
3.4	Tabhair fógra don chustaiméir deiridh	Cuireann an riarthóir ceada an fhaisnéis ar fáil don chustaiméir deiridh gur cúlghaireadh an cead.	Riarthóir ceada	Custaiméir deiridh	J - Fógra faoi fhoirceannadh seirbhíse
3.5	Fógra a thabhairt do riarthóir sonraí méadraithe	Cuireann an riarthóir ceada an fógra sonrach ar aghaidh chuig an riarthóir sonraí méadraithe.	Riarthóir ceada	Riarthóir sonraí méadraithe	J - Fógra faoi fhoirceannadh seirbhíse
3.6	Deireadh le comhroinnt sonraí	Stadann an riarthóir sonraí méadraithe de shonraí a aistriú chuig an bpáirtí incháilithe.	Riarthóir sonraí méadraithe	Páirtí incháilithe	J - Fógra faoi fhoirceannadh seirbhíse




Léaráid 3 – Nós imeachta um 'Foirceannadh seirbhíse ag páirtí incháilithe'

Tábla III.4 –

Nós imeachta 4

Ainm an nós imeachta		Cúlghairm ceada ghníomhaigh ag an gcustaiméir deiridh			
Uimh. na Céime	*Céim*	*Tuairisc ar an gcéim*	*Táirgeoir faisnéise*	*Glacadóir faisnéise*	*Faisnéis a mhalartaítear (IDanna)*
4.1	An riarthóir ceada a shainaithint	Sainaithníonn na custaiméirí deiridh an riarthóir ceada atá freagrach as na pointí méadraithe dá gcuid atá á meas.	Údarás inniúil	Custaiméir deiridh	[ní bhaineann le hábhar]
4.2	An custaiméir deiridh a fhíordheimhniú	Sainaithníonn custaiméirí deiridh iad féin don riarthóir ceada.	Custaiméir deiridh	Riarthóir ceada	[ní bhaineann le hábhar]
4.3	Dintiúir a sheiceáil	Aistríonn riarthóir ceada faisnéis fíordheimhnithe chuig soláthraí seirbhíse céannachta.	Riarthóir ceada	Soláthraí seirbhíse céannachta	[ní bhaineann le hábhar]
4.4	An custaiméir deiridh a chur ar an eolas faoi thorthaí na seiceála ar dhintiúir	Cuireann riarthóir ceada toradh an bhailíochtaithe in iúl agus soláthraíonn sé léiriú fóinteach i gcás iarraidh neamhbhailí.	Riarthóir ceada	Custaiméir deiridh	[ní bhaineann le hábhar]
4.5	Liosta ceadanna	Cuireann riarthóir ceada liosta ar fáil don chustaiméir deiridh de cheadanna gníomhacha agus ceadanna atá imithe in éag a thug sé roimhe seo	Riarthóir ceada	Custaiméir deiridh	I - Faisnéis faoi chead bunaithe
4.6	Cúlghairm an cheada a thruicearú (sainráite)	Cuireann an custaiméir deiridh in iúl don riarthóir ceada cén cead a chúlghairfear.	Custaiméir deiridh	Riarthóir ceada	I - Faisnéis faoi chead bunaithe
4.7	Athrú ar theidlíocht pointe méadraithe a fháil (intuigthe)	Mar thoradh ar chúiseanna seachtracha (mar shampla, bogadh amach), déantar teidlíocht custaiméara deiridh i leith pointe méadraithe a neamhbhailíochtú. Cuireann an riarthóir pointe méadraithe an riarthóir sonraí méadraithe ar an eolas faoi na himeachtaí sin.	Riarthóir pointe méadraithe	Riarthóir sonraí méadraithe	[ní bhaineann le hábhar]
4.8	Fógra a thabhairt don riarthóir ceada	Cuireann riarthóir sonraí méadraithe in iúl don riarthóir ceada gur gá gach cead don phointe méadraithe a chúlghairm.	Riarthóir sonraí méadraithe	Riarthóir ceada	I - Faisnéis faoi chead bunaithe
4.9	Fógra a thabhairt do riarthóir sonraí méadraithe	Cuireann an riarthóir ceada an riarthóir sonraí méadraithe ar an eolas faoin gcúlghairm.	Riarthóir ceada	Riarthóir sonraí méadraithe	I - Faisnéis faoi chead bunaithe
4.10	Deireadh a chur le comhroinnt sonraí	Ní ceadmhach don riarthóir sonraí méadraithe sonraí a aistriú faoi raon feidhme an cheada chúlghairthe a thuilleadh.	Riarthóir sonraí méadraithe	[ní bhaineann le hábhar]	[ní bhaineann le hábhar]

4.11	Fógra a thabhairt don pháirtí incháilithe	Ní mór don riarthóir ceada an páirtí incháilithe dá ndéantar difear a chur ar an eolas láithreach agus gan moill neamhriachtanach.	Riarthóir ceada	Páirtí incháilithe	I - Faisnéis faoi chead bunaithe
4.12	Cúramaí dheireadh an cheada a fhorghníomhú	Déanann an páirtí incháilithe na cúraimí uile is gá chun a fhreagrachtaí gaolmhara a chomhlíonadh láithreach agus gan moill mhíchuí agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.	Páirtí incháilithe	[ní bhaineann le hábhar]	[ní bhaineann le hábhar]
4.13	Tabhair fógra don chustaiméir deiridh	Cuireann an riarthóir ceada an fhaisnéis ar fáil don chustaiméir deiridh gur cúlghaireadh an cead.	Riarthóir ceada	Custaiméir	I - Faisnéis faoi chead bunaithe




Léaráid 4 - Nós imeachta um 'Cúlghairm ceada ghníomhaigh ag an gcustaiméir deiridh'

Tábla III.5 –

Nós imeachta 5

Ainm an nós imeachta	Gníomhachtaigh sreabhadh sonraí atá gar d'fhíor-am ó mhéadar cliste nó ó chóras méadraithe chliste (i gcás inarb infheidhme)

Uimh. na Céime	*Céim*	*Tuairisc ar an gcéim*	*Táirgeoir faisnéise*	*Glacadóir faisnéise*	*Faisnéis a mhalartaítear (IDanna)*
5.1	An t-oibreoir méadair a shainaithint	Faigheann an custaiméir deiridh amach faisnéis teagmhála do pháirtí freagrach chun sreabhadh sonraí a ghníomhachtú.	Údarás inniúil	Custaiméir deiridh	[ní bhaineann le hábhar]
5.2	Iarrataí ó chustaiméirí deiridh sreabhadh sonraí atá gar d'fhíor-am a chasadh air	Seolann an custaiméir deiridh an fhaisnéis is gá chun sreabhadh sonraí a dhéanamh inrochtana chuig an oibreoir méadair.	Custaiméir deiridh	Oibreoir méadair	M - Iarraidh ar shreabhadh sonraí a ghníomhachtú
5.3	Dintiúir an mhéadair a sholáthar	Seolann an t-oibreoir méadair an fhaisnéis uile is gá chun sonraí a shreabhann as an méadar a ídiú agus/nó a dhíchriptiú chuig an gcustaiméir deiridh.	Oibreoir méadair	Custaiméir deiridh	N - Deimhniú gur gníomhach-taíodh sreabhadh sonraí




Léaráid 5 - Nós imeachta um 'Gníomhachtaigh sreabhadh sonraí atá gar d'fhíor-am ó mhéadar cliste nó ó chóras méadraithe chliste'

Tábla III.6 –

Nós imeachta 6

Ainm an nós imeachta		Léamh sonraí atá gar d'fhíor-am ó mhéadar cliste nó ó chóras méadraithe chliste			
Uimh. na Céime	*Céim*	*Tuairisc ar an gcéim*	*Táirgeoir faisnéise*	*Glacadóir faisnéise*	*Faisnéis a mhalartaítear (IDanna)*
6.1	Córas tomhaltais sonraí atá gar d'fhíor-am a nascadh le méadar	Más infheidhme, nascann custaiméir deiridh córas tomhaltais sonraí atá gar d'fhíor-am le comhéadan atá gar d'fhíor-am agus soláthraíonn sé dintiúir nó deimhnithe mar a shainítear le nósanna imeachta náisiúnta.	Custaiméir deiridh	[ní bhaineann le hábhar]	[ní bhaineann le hábhar]
6.2	Sonraí a aistriú trí chomhéadan atá gar d'fhíor-am	Brúigh nó tarraing sonraí trí chomhéadan sonraí atá gar d'fhíor-am an mhéadair (áitiúil nó cianda).	Méadar cliste nó córas méadraithe chliste	Córas tomhaltais sonraí atá gar d'fhíor-am	O - Sonraí amha méadair
6.3	Sonraí a léirmhíniú	Déanann córas tomhaltais sonraí atá gar d'fhíor-am na sonraí a fuarthas sa chéim roimhe a phróiseáil. Más gá, déanann sé na sonraí a dhíchriptiú trí úsáid a bhaint as an sifear a chuir an t-oibreoir méadair ar fáil i gcéim 5.3. Moltar ag deireadh chéim 6.3, tréithe ábhar faisnéise P a bheith ar fáil i bhfoirm is féidir a úsáid go héasca sna próisis leantacha. Agus an chéim seo á mapáil, ní leor tagairt a dhéanamh do chaighdeán - ní mór tuairiscí ar na céimeanna riachtanacha go léir a sholáthar go huileghabhálach. Nóta: Ní cuid den tsamhail tagartha seo úsáid, próiseáil nó aistriú breise sonraí méadair inphróiseáilte.	Córas tomhaltais sonraí atá gar d'fhíor-am	Córas tomhaltais sonraí atá gar d'fhíor-am	P - Sonraí méadair inphróiseáilte



Léaráid 6 - Nós imeachta um 'Léamh sonraí atá gar d'fhíor-am ó mhéadar cliste nó ó chóras méadraithe chliste'

Tábla IV —

Ábhair faisnéise a mhalartaítear

Faisnéis a mhalartaítear, ID	*Ainm na faisnéise*	*Tuairisc ar an bhfaisnéis a mhalartaítear*	
A	Sainaitheantas an phointe méadraithe	Aitheantóir an phointe méadraithe	Aitheantóir uathúil don phointe méadraithe laistigh de spás sainaitheanta méadair an riarthóra sonraí méadraithe.
B	Sonraíocht sonraí méadraithe	Stampa ama thús an léimh	Tús an eatraimh ama a chumhdaítear leis an bpacáiste sonraí.
		Stampa ama chríoch an léimh	Deireadh an eatraimh ama a chumhdaítear leis an bpacáiste sonraí.
		Treo	Sreabhthreo arna mhéadrú ag an bpointe méadraithe. D'fhéadfadh táirgeadh amháin, tomhaltas nó cumasc den dá rud a bheith i gceist.
		Táirge fuinnimh	Táirge fuinnimh arna thomhas de réir an phointe méadraithe (mar shampla, fuinneamh gníomhach, fuinneamh freasaitheach).
C	Iarraidh ar shonraí méadraithe	Aitheantóir an phointe méadraithe	Aitheantóir uathúil don phointe méadraithe laistigh de spás sainaitheanta méadair an riarthóra sonraí méadraithe.
		Sonraíocht sonraí méadraithe	Ábhar faisnéise B - Sonraíocht sonraí méadraithe
D	Iarraidh ar fhaisnéis maidir le bailíochtú	Toradh an bhailíochtaithe	Faisnéis faoi thoradh na céime bailíochtaithe.
E	Sonraí stairiúla atá bailíochtaithe	*Meiteashonraí*	
		Aitheantóir an phointe méadraithe	Aitheantóir uathúil don phointe méadraithe laistigh de spás sainaitheanta méadair an riarthóra sonraí méadraithe.
		Stampa ama an chruthaithe	Stampa ama maidir leis an uair a gineadh an pacáiste sonraí.
		Táirge fuinnimh	Táirge fuinnimh arna thomhas de réir an phointe méadraithe (mar shampla, fuinneamh gníomhach, fuinneamh freasaitheach).
		Stampa ama thús an léimh	Stampa ama thús na hamshraithe.
		Stampa ama chríoch an léimh	Stampa ama chríoch na hamshraithe.
		Aonad tomhais	An t-aonad tomhais inar luadh na cainníochtaí sa réimse 'Cainníocht'.

		Faisnéis faoin amshraith (uair in aghaidh an eatraimh sa léamh)	
		Stampa ama túis	Stampa ama túis an eatraimh.
		Stampa ama críche	Stampa ama críche an eatraimh.
		Treo	Sreabhthreo arna mhéadrú ag an bpointe méadraithe. D'fhéadfadh táirgeadh, tomhaltas nó cumasc den dá rud a bheith i gceist.
		Cáilíocht an léimh	Léiriú ar cháilíocht léamh an eatraimh (mar shampla, ar bhonn an luach a bheith méadraithe nó measta).
		Cainníocht	Méid a thomhlaítear nó a ghintear.
F	Sonraí stairiúla atá bailíochtaithe le faisnéis faoin gcustaiméir deiridh	Sonraí stairiúla atá bailíochtaithe	Ábhar faisnéise E - Sonraí stairiúla atá bailíochtaithe
		Custaiméir deiridh	Faisnéis lenar féidir leis an bpáirtí incháilithe a fhíorú go bhfaigheann sé na sonraí don chustaiméir deiridh ceart.
G	Faisnéis réamhshocraithe maidir le cead	Páirtí incháilithe	Páirtí incháilithe ar tugadh an cead ina leith.
		Aitheantóir an phointe méadraithe	Roghnach. Aitheantóir uathúil don phointe méadraithe laistigh de spás sainaitheanta méadair an riarthóra sonraí méadraithe.
		Sonraíocht sonraí méadraithe	Ábhar faisnéise B - Sonraíocht sonraí méadraithe
		Cuspóir	An cuspóir sonraithe, sainráite agus dlisteanach a bhfuil sé beartaithe ag an bpáirtí incháilithe na sonraí a phróiseáil ina leith. Maidir le sonraí neamhphearsanta, tá sé seo roghnach.
		Sceideal tarchuir	I gcás sonraí amach anseo a chumhdaítear leis an gcead, ach nach bhfuil ar fáil tráth a bhunaítear an cead, tá na pacáistí sonraí tréimhsiúlachta — cathain agus cé chomh minic — le cur ar fáil i gcás inarb infheidhme.
		Stampa ama theorainn an cheada	An stampa ama faoina gcaithfidh an páirtí incháilithe na sonraí a fuarthas a scriosadh, fiú mura gcomhlíontar an cuspóir próiseála faoin am sin.

H	Faisnéis bhunúsach maidir le cead	Custaiméir deiridh	An custaiméir deiridh a thug an cead.
		Páirtí incháilithe	Páirtí incháilithe ar tugadh an cead ina leith.
		Iarraidh ar shonraí méadraithe	Ábhar faisnéise C - Iarraidh ar shonraí méadraithe
		Cuspóir	An cuspóir sonraithe, sainráite agus dlisteanach a bhfuil sonraí á bpróiseáil ina leith. Maidir le sonraí neamhphearsanta, tá sé seo roghnach.
		Sceideal tarchuir	I gcás sonraí amach anseo a chumhdaítear leis an gcead, ach nach bhfuil ar fáil tráth a bhunaítear an cead, tá na pacáistí sonraí tréimhsiúlachta — cathain agus cé chomh minic — le cur ar fáil i gcás inarb infheidhme (mar shampla, i gcásanna malartaithe sonraí ina mbrúitear sonraí seachas iad a iarraidh).
		Tréimhse uasta an cheada	An stampa ama ar ina dhiaidh a bheidh ar an bpáirtí incháilithe an cead a mheas mar chead a chuaigh in éag nó a cúlghaireadh, fiú mura gcomhlíontar an cuspóir próiseála faoin am sin.
I	Faisnéis faoi chead bunaithe	Aitheantóir ceada	Aitheantóir uathúil de chuid an cheada.
		Stampa ama an chruthaithe	Stampa ama cruthaithe a cheangail an riarthóir ceada den chead.
		Faisnéis bhunúsach maidir le cead	Ábhar faisnéise H - Faisnéis faoi chead
J	Fógra faoi fhoirceannadh seirbhíse	Aitheantóir ceada	Aitheantóir uathúil de chuid an cheada a thagraíonn d'ábhar faisnéise I - Faisnéis faoi chead bunaithe.
		Stampa ama an fhoirceanta	Stampa ama ina léirítear an pointe ama nuair a mheasfaidh an páirtí incháilithe an tseirbhís a bheith foirceanta.
K	Mionsonraí na faisnéise maidir leis an gcead liostaithe	Mionsonraí an cheada	Tréithe an cheada mar a thuairiscítear in I — Faisnéis faoi chead bunaithe.
		An chúis le deireadh an cheada	Mura bhfuil an cead gníomhach a thuilleadh, an fáth a measann an riarthóir ceada go bhfuil deireadh leis an gcead. Mar shampla, is féidir leis sin comhlíonadh cuspóra, baint amach stampa ama dheireadh an cheada, cúlghairm custaiméara deiridh nó foirceannadh ag an bpáirtí incháilithe a léiriú.
		Stampa ama dheireadh an cheada	Mura bhfuil an cead gníomhach a thuilleadh, an stampa ama ón uair a mheasann an riarthóir ceada go bhfuil deireadh leis an gcead
L	Fógra faoi chúlghairm ó riarthóir ceada	Aitheantóir ceada	Aitheantóir uathúil de chuid an cheada a thagraíonn d'ábhar faisnéise I - Faisnéis faoi chead bunaithe.
		Stampa ama dheireadh an cheada	Stampa ama don uair ba cheart a mheas go bhfuil an chúlghairm gníomhach.

M	Iarraidh ar shreabhadh sonraí a ghníomhachtú	Aitheantóir méadair	Aitheantóir le haghaidh an ghairis méadraithe nó an phointe méadraithe a éilíonn an t-oibreoir méadair chun an méadar ceart a shainaithint.
		Faisnéis riachtanach eile	Liosta de na tréithe eile go léir a theastaíonn ón oibreoir méadar chun an sreabhadh sonraí a chumasú.
N	Deimhniú gur gníomhachtaíodh sreabhadh sonraí	Nascacht fhisiciúil	Faisnéis maidir le comhéadan fisiciúil an mhéadair agus conas gairis sheachtracha a nascadh.
		Sifear	Sainordaitheach, má tá gá le sifear chun an sreabhadh faisnéise a dhíchriptiú.
		Dintiúir	Sainordaitheach, má tá dintiúir ag teastáil chun rochtain a fháil ar chomhéadan an mhéadair chliste.
		Faisnéis riachtanach eile	Liosta de na tréithe eile go léir a theastaíonn ón oibreoir méadar chun an sreabhadh sonraí a chumasú agus chun é a léirmhíniú go séimeantach.
O	Sonraí amha méadair	Pacáiste sonraí	Liosta tréithe sna sonraí amha a fuarthas. Má chuirtear tagairt do chaighdeán ar fáil anseo i mapáil na gcleachtas náisiúnta, ní mór an caighdeán sin a bheith ar fáil go poiblí i bhfoirm atá inrochtana go héasca nó saor in aisce. Seachas sin, ní mór gach eilimint den phacáiste sonraí sonrach a liostú agus a mhapáil.
P	Sonraí méadair inphróiseáilte (méid íosta atá sna tréithe a dtugtar tuairisc orthu - féadfar míreanna sonraí eile a sholáthar agus a dhoiciméadú freisin má tá siad ar fáil i suíomhanna náisiúnta)	Stampa ama na sonraí méadraithe	Am na gabhála sonraí mar a mheas an méadar cliste nó an córas méadraithe chliste é.
		Luach na cumhachta gníomhaí arna hallmhairiú	Cumhacht ghníomhach tosaigh mheandarach P+ (ina W)
		Aonad tomhais na cumhachta gníomhaí arna hallmhairiú	-
		Luach na cumhachta gníomhaí arna honnmhairiú	Cumhacht ghníomhach mheandarach droim ar ais P+ (ina W)
		Aonad tomhais na cumhachta gníomhaí arna honnmhairiú	-
		Fuinneamh gníomhach arna allmhairiú A+	Fuinneamh gníomhach tosaigh A+ (ina Wh)
		Aonad tomhais an fhuinnimh ghníomhaigh arna allmhairiú A+	-
		Fuinneamh gníomhach arna onnmhairiú	Fuinneamh gníomhach droim ar ais A- (ina Wh)
		Aonad tomhais an fhuinnimh ghníomhaigh arna onnmhairiú	-